RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1448 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a íoc faoin scéim scoile agus lena gceartaítear an Rialachán sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5) agus Airteagal 64(3), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([2]), forlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 44(3b) de Rialachán (AE) 2021/2116, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí a íoc faoin scéim cabhrach a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) i leith cabhair le haghaidh na scoilbhliana 2023/2024 agus na mblianta scoile ina dhiaidh sin. Chun a áirithiú go n-íocfar réamhíocaíochtaí go comhleanúnach agus go neamh-idirdhealaitheach agus chun cosaint chistí an Aontais a ráthú, is iomchuí coinníollacha sonracha a leagan amach maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i bhfoirm céatadán uasta den chabhair le haghaidh na n-iarratasóirí agus maidir leis an gceanglas ar iarratasóirí ar chabhair urrús a thaisceadh.

(3) Leagtar síos in Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh. Ós rud é gur beag an baol nach gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoin scéim scoile nuair is údaráis phoiblí iad na hiarratasóirí ar chabhair, is iomchuí ligean don údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús ar na hiarratasóirí sin ar chabhair a tharscaoileadh freisin.

(4) In Airteagal 28 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, ba cheart tagairt a dhéanamh sa teideal freisin d'fhorghéilleadh na n-urrús agus, ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an tagairt d'Airteagal 56 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([4]) lena leagtar síos an nós imeachta maidir leis an urrús a fhorghéilleadh a chur le mír 2.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127

I gCaibidil IIIa de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, cuirtear an tAirteagal seo a leanas leis:

"*Airteagal 15b*

Coinníollacha sonracha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc dá dtagraítear in Airteagal 44(3b) de Rialachán (AE) 2021/2116

1. Ní rachaidh íoc na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(3b) de Rialachán (AE) 2021/2116 thar 80 % den chabhair a bhfuil iarratasóirí ar chabhair ina teideal chun ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme le linn na scoilbhliana:

(a) táirgí a sholáthar do leanaí nó a dháileadh orthu;

(b) bearta tionlacain oideachais;

(c) gníomhaíochtaí faireacháin nó meastóireachta;

(d) poiblíocht.

2. Beidh íoc na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 faoi réir taisceadh urrúis atá coibhéiseach ar a laghad le méid na réamhíocaíochta.

3. De mhaolú ar Airteagal 19, féadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh freisin i gcás inarb údarás poiblí é an páirtí atá freagrach as an oibleagáid a chomhlíonadh.".

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127

Ceartaítear Airteagal 28 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Urrúis a scaoileadh agus a fhorghéilleadh";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. A luaithe a bheidh an sprioc-am istigh chun an teidlíocht deiridh a chruthú maidir leis an tsuim a deonaíodh gan fianaise theidlíochta a bheith curtha ar fáil, forghéillfidh an t-údarás inniúil an t-urrús láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún (*).

Mar sin féin, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le rialacha sonracha an Aontais, féadfar fianaise fós a chur ar fáil tar éis an dáta sin in aghaidh aisíoc páirteach an urrúis.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 7ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN